

FÓGRA POIST: OIFIGEACH PLEANÁLA TEANGA

Tá post bliana mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Gaeilge ABC

Is é Gaeilge ABC atá freagrach as an bplean teanga do LPT Bhearna agus Chnoc na Cathrach a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Tá an plean i bhfeidhm anois le dhá bhliain, agus é mar aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge sa LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh bliana atá á thairiscint. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Gaeilge ABC agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratas ó dhaoine leis an taithí seo a leanas:

Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.

Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus / nó taithí sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.

Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.

Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.

Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.

Taithí i mbainistiú foireann oibre

Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

An Post

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Gaeilge ABC in Áras Mhic Amhlaigh i gCnoc na Cathrach.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth-uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin.

Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €36,450 go €51,750 ag gabháil leis an bpost chomh maith leis an deis a bheith mar bhall de scéim phinsin.

Sonraí

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Tá an plean teanga don LPT agus na sonraí poist a théann leis an bpost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Stiúrthóir Gaeilge ABC ag 0876799346 nó GaeilgeABC@gmail.com

Iarratas

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh a 5i.n. Dé hAoine 22/11/24 chuig: An Stiúrthóir, Gaeilge ABC, Áras Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach, Gaillimh nó

GaeilgeABC@gmail.com